Comhairle AE

PRESS GA

PREASEISIÚINT
529/25
24/06/2025

# Ráiteas ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le tíortha áirithe a bheith ag seasamh le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala

An 12 Meitheamh 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1199[1].

I bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta agus d'aistriú síochánta cumhachta i nGuatamala, lena n-áirítear tríd an gcóras ceartais a ionstraimiú chun díriú ar oifigigh thofa, ar chosantóirí chearta an duine, ar iriseoirí, ar cheannairí dúchasacha agus ar oibreoirí breithiúnacha neamhspleácha, le Cinneadh (CBES) 2025/1199 ón gComhairle, cuirtear triúr agus eintiteas amháin le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin. Leis an gCinneadh, tugtar na hiontrálacha do chúigear cothrom le dáta freisin.

Seasann an Albáin, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Íoslainn, Lichtinstéin, Poblacht na Moldóive, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an tSeirbia agus an Úcráin leis an gCinneadh seo ón gComhairle.

Áiritheoidh siad go mbeidh a mbeartais náisiúnta i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle.

Tá an gealltanas sin tugtha dá aire ag an Aontas Eorpach agus is díol sásaimh dó é.

---

[1]IO L, 2025/1199, 12.06.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1199/oj.

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press